

**AN STRUCHTÚR CEART A FHÁIL DO SHONRAÍ FOCLÓIREACHTA:  
TAITHÍ Ó THIONSCADAL TÉARMAÍOCHTA**

**Michal Boleslav Měchura**

Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Glas Naíon,

Baile Átha Cliath 9,

Éire.

michal.boleslav.mechura@dcu.ie

**ACHOMAIRÉACHT**

Déileálann an páipéar seo le saincheisteanna a bhaineann le struchtúir a dhearadh chun sonraí foclóireachta agus téarmaíochta a stóráil, ag tarraingt ar an taithí a fuarthas i rith tionscadaíl téarmaíochta. Áirítear ar na saincheisteanna, na difríochtaí struchtúrtha idir gnáthiontráil foclóra agus gnáthiontráil téarmaíochta, bríonna agus coincheapa, séimiseolaíocht agus onaimiseolaíocht, aisiompú foclóra dhátheangaigh, tiontú sonraí, ilchiallachas agus comhainmneachas, agus lipéadú gramadaí míreanna ilfhoclacha.

## 2. Foclóireacht agus Foclóireolaíocht Ríomhaireachta

### **An struchtúr ceart a fháil do shonraí foclóireachta: taithí ó thionscadal téarmaíochta**

#### **1. Intreoir**

Is dealraitheach go gcruthaítear gach foclóir agus bunachar sonraí téarmaíochta atá ar fáil inniu i gceann de dhá struchtúr: sa leagan amach foclóireachta “léama agus bríonna”, nó sa leagan amach téarmaíochta “coincheap agus téarmaí”, ach ní cosúil go bhfuil aon struchtúr eile coitianta. Cé go bhfuil na paraidímí struchtúrtha sin á n-úsáid go forleathan agus gurb iad an sárchleachtas sa tionscal iad, cuirfidh an páipéar seo tionscadal i láthair inar mheasamar nach raibh ceachtar de na struchtúir sin oiriúnach dár riachtanais iomlána, agus mar thoradh air sin tá ár struchtúr sonraí féin forbartha againn ina bhfuil gnéithe den fhoclóireacht agus den téarmaíocht nasctha againn.

Chuir forais chomhoibritheacha in Éirinn<sup>1</sup> agus sa Bhreatain Bheag<sup>2</sup> tús le tionscadal FTU<sup>3</sup> i ngeimhreadh 2004. Is é an sprioc atá ag leath na hÉireann den tionscadal ná foclóir Béarla-Gaeilge agus Gaeilge-Béarla ar líne a chruthú de shaintearmaí a bhaineann le go leor réimsí gníomhaíochta daonna, a mbeadh teacht ag an bpobal orthu ar an Idirlíon agus a d'fhéadfadh na húdaráis iomchuí a úsáid amach anseo mar uirlis bainistíochta téarmaíochta. Tá an tionscadal substaintiúil, ní hamháin ó thaobh an mhéid sonraí atá ann (tá os cionn 200,000 iontráil foclóra ann le próiseáil) ach freisin ó thaobh scóip na n-úsáidí a shamhlaítear leis an gcríochtháirge. Is é an cuspóir atá againn ná bogearraí a tháirgeadh a chabhróidh go mór le go leor daoine: córas bainistíochta téarmaíochta do théarmeolaithe gairmiúla, agus foclóir ar líne do dhaoine a bheidh á úsáid ó lá go lá. Chuir sé sin faoi deara dúinn cur chuige a ghlacadh a bheadh ina chomhréiteach idir an stíl foclóireachta traidisiúnta LGP<sup>4</sup> agus an stíl téarmaíochta traidisiúnta LSP<sup>5</sup>, agus tá sé sin léirithe sa struchtúr sonraí atá ceaptha againn don tionscadal.

---

<sup>1</sup> Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Foras na Gaeilge.

<sup>2</sup> An Roinn Breatnaise, Ollscoil na Breataine Bige, Lampeter


<sup>3</sup> *Fiontar Téarmaí Unedig*, tá tuilleadh eolais faoin tionscadal sin ar fáil ar líne ag [www.focal.ie](http://www.focal.ie).

<sup>4</sup> *Language for General Purposes*, Teanga chun Críocha Ginearálta

<sup>5</sup> *Language for Specialized Purposes*, Teanga chun Críocha Sainiúla

## 2. Samhail sonraí FTU

Tá léaráid E/R (ceann simplithe) de bhunachar sonraí FTU le fáil i bhFíor 1. Sa chuid eile den pháipéar seo, déanfar plé ar ghnéithe áirithe den struchtúr sonraí, agus míneofar conas mar a thángthas ar an struchtúr sin.



*Fíor 1: Léaráid shimplithe E/R de bhunachar téarmaíochta FTU.*

## 3. Cur chuige coincheap-dhírithe

Sa bhfoclóireacht thraidisiúnta, is iontráil foclóra an t-aonad bunúsach sonraí a n-oibríonn an foclóirí leis, eagraithe timpeall ar cheannfhocal, agus foroinnte tuilleadh de réir bríonna. Sa téarmeolaíocht, ar an lámh eile, is coincheap é an t-aonad bunúsach sonraí. Tá sé sách deacair sainmhíniú a thabhairt ar cad is coincheap ann. Is smaoinemh teibí é atá tagtha chun cinn mar gheall go gcaithfear caidreamh casta a thairfead idir coibhéisí aistriúcháin i níos mó ná dhá theanga. Deir teoiric na téarmaíochta gur chóir do théarmeolaí tosú tríd an gcoincheap a shainiú, agus ansin gach téarma a d'fhéadfaí a úsáid chun an coincheap sin a léiriú a shainiú, i ngach ceann

de na teangacha iomchuí<sup>6</sup>. I bhfocail eile, is onamaiseolaíocht é gnó na téarmaíochta, arb é an pointe imeachta an bhrí. Baineann foclóireacht ar an láimh eile le séamaiseolaíocht, ar focal é an pointe imeachta, ní brí. Tá “coincheap” na téarmaíochta mórán comhionann le “brí” na foclóireachta, ach de dhifríocht eatarthu léirítear an gnáthchoincheap téarmaíochtúil de ghnáth i bhfoclóir LGP le hiliomad bríonna agus bíonn sé scaipthe amach ar fud na n-iontrálacha. Taispeánann Fíor 2 an tslí a ndéileálfai le roinnt bríonna (nó fobhríonna, sa chás seo) roinnt focal, a bhíonn le feiceáil mar rudaí ar leithligh i bhfoclóir LGP agus mar aon rud amháin i mbunachar sonraí téarmaíochta coincheap-bhunaithe.

**gathering** [ˈgæðərɪŋ] [T] n [a] (= group) Gruppe  
*f.* (= assembly) Versammlung *f.* **family** ~  
 Familientreffen *nt.*; **a social** ~ ein geselliges  
 Beisammensein  
 [b] (of people) Versammeln *nt.*; (of objects) Sam-  
 meln *nt.*; (of fruit) Pflücken *nt.*; (of crops) Ernte *f.*;  
 (of speed) Zunahme *f.*  
 [c] (Sew) Fältchen *nt.*  
 [2] *adj.* [a] (= increasing) dusk, darkness, gloom  
 zunehmend; storm, clouds aufziehend  
 [b] (= assembling) crowd zusammenlaufend




---

Coincheap #52226  
 Réimse: Polaitíocht  
 Téarma Béarla: **gathering** *s*  
 Téarma Béarla: **assembly** *m1*  
 Téarma Gearmáinise: **Versammlung** *f*

---

**assembly** [əˈsembli] n [a] (= gathering of people,  
 Parl) Versammlung *f.* [b] (Sch) Morgenandacht  
*f.* tägliche Versammlung [c] (= putting together)  
 Zusammensetzen *nt.*, Zusammenbau *m.*; (esp of  
 machine, cars) Montage *f.*; (of facts) Zusammen-  
 tragen *nt.* [d] (= thing assembled) Konstruktion *f.*

*Fíor 2: Bríonna agus coincheapa (tógtha as*

*Collins German-English/English-German Dictionary)*

Is ceist dearcaidh dá bhrí sin an difríocht idir struchtúir sonraí foclóireachta agus struchtúir sonraí téarmaíochta: oibrímid leis an gcineál céanna sonraí ach cnuasaímid ar bhealaí difriúla iad.

Ar thionscadal FTU, séard atá romhainn ríomhairiú a dhéanamh ar líon mór gluaiseanna a tiomsaíodh de láimh, a bailíodh in imeacht na mblianta fada, agus atá tógtha cuid mhór ó dhearcadh séamaiseolaíochta, gach iontráil ag tosú leis an téarma Béarla agus ansin ag liostú na gcoibhéisí aistriúcháin sa Ghaeilge, amanna foroinnte ina bhríonna, agus amanna nach mbíonn. Áiríonn roinnt gluaiseanna coibhéisí aistriúcháin i dteangacha eile chomh maith, ar nós ainmneacha plandaí sa Laidin. Caithfimid an stór seo de shonraí, agus iad struchtúrtha go heicléicteach, a thiontú isteach

<sup>6</sup> Tuilleadh eolais ar ról na gcoincheap sa teoiric téarmaíochta: féach mar shampla an chéad chaibidil de Weissenhofer (1995)


ina struchtúr sonraí coincheap-bhunaithe i slí a éascóidh cothabháil fadtéarmach na sonraí, idir iad a nuashonrú agus aisiompú foclóra ó theanga go teanga. Cé go bhfreastalaíonn na liostaí reatha atá tiomsaithe de láimh réasúnta maith ar riachtanais úsáideoirí a bhíonn ag cuardach coibhéisí aistriúcháin ar théarmaí Béarla, ba dheacair uaireanta do ghnáthúsáideoirí ciall a bhaint as na torthaí a fuarthas ar chuardach sa treo eile. Sa chur chuige séamaiseolaíochta, más A an t-aistriúchán atá ar B, ní hionann sin agus gur gá gur B an t-aistriúchán atá ar A. Bhíomar ag súil, dá ndéanfaimis athinnealtóireacht ar an stór téarmaíochta isteach i gcóras onamaiseolaíoch, coincheap-dhírthe, go mbeadh aisiompú foclóra ina ghné nádúrtha den chóras, nach mbeadh ann go díreach ach na sonraí céanna a thaispeáint ar shlí eile.

Mar sin féin, b'éigean dúinn imeacht beagán ón rud a d'fhéadfaí a mheas a bheith ina chóras a bhí go hiomlán coincheap-dhírthe. Tá ár bhfoinsí sonraí séamaiseolaíoch agus d'éileodh an obair a bhaineann lena dtiontú go dtí struchtúr coincheap-bhunaithe go dtabharfadh duine daonna de ghnáth faoi anailís a dhéanamh ar gach iontráil. Ó tharla go bhfuilimid ag breathnú ar os cionn 200,000 iontráil, ní fhéadfaí sin a bhaint amach i dtionscadal 30 mí. Ina áit sin, chruthaíomar roinnt rialacha simplí, heorastúla le leanúint. Ar dtús, glacaimid leis gurb ionann gach iontráil foclóra agus coincheap aonair amháin. Nuair a bhíonn a fhios againn roimh ré nach amhlaidh an cás i ngluais ar leith, déanaimid réamheagarthóireacht air roimh an tiontú. Ansin, má thagtar trasna ar dhá iontráil ina bhfuil na téarmaí céanna agus na focail chéanna, déanaimid an tátal go seasann siad don choincheap céanna, agus nascaimid iad ina gcoincheap aonair inár mbunachar sonraí (féach Fíor 3). Ar an láimh eile, meastar iontrálacha ina bhfuil téarmaí atá go hiomlán difriúil a bheith ina gcoincheapa difriúla (féach Fíor 4). Meastar iontrálacha a bhfuil roinnt téarmaí i gcoiteann acu agus roinnt téarmaí difriúla a bheith ina gcoincheap ar leithligh, ach cuirtear comhartha orthu le haghaidh aird an eagarthóra (féach Fíor 5). Fuaireamar amach go mbíonn ciall, ar an iomlán, leis an toradh a bhíonn ar théarmaí a roinnt ina gcoincheapa tríd an bpróiseas seo, b'fhéidir mar go mbíonn an claonadh sna coibhéisí idir téarmaí i gcomhthéacs LSP a bheith níos díri ná na coibhéisí idir focail sa chomhthéacs LGP. Bíonn gá le roinnt glanadh suas eagarthóireachta ach tá an t-ualach oibre i bhfad níos ísle ná mar a bheadh de dhíth chun anailís dhaonna a dhéanamh ar gach iontráil aonair.


Iarmhairt thábhachtach amháin de seo, áfach, is ea go bhfuil an claonadh ann téarmaí a roinnt ina gcoincheapa i slí atá dírithe ar an aistriúchán. Má tá dhá choincheap ann, a mbaineann ceann le hobair oifige agus a mbaineann ceann le ríomhaireacht agus go léirítear an péire leis na

focail chéanna i mBéarla agus i nGaeilge, ansin, déanfaidh an córas coincheap aonair díobh (féach Fíor 6).

Mheasfaí é sin mar dhroch-chleachtas sa téarmaíocht ach bíonn sé coitianta go leor sa bhfoclóireacht dhátheangach. Mar shampla, tá 14 bhrí ag an bhfocal Béarla *life* san fhoclóir aonteangach *Oxford Advanced Learner's Dictionary*, ach tá siad go léir beagnach cónaidhmithe in aon bhrí amháin san fhoclóir dátheangach *Großes Oxford Wörterbuch für Schule und Beruf* ón bhfoilsitheoir céanna, mar gur féidir iad ar fad a léiriú leis an bhfocal Gearmáinise céanna, *Leben* (Deuter 2004: lch. 247). Tá ár mbunachar sonraí téarmaíochta sinne eagraithe ar an tslí seo freisin, agus táimid ag súil go bhfónfaidh sin go maith do riachtanais ár spriocphobail, na húsáideoirí dátheangacha neamhspeisialtacha, cé go n-imíonn sé ó phrionsabail traidisiúnta téarmaíochta.



**Fíor 3:** Iontrálacha a bhfuil téarmaí difriúla ag gabháil leo, déantar coincheapa ar leith astu



**Fíor 4:** Iontrálacha a bhfuil na téarmaí céanna ag gabháil leo, déantar coincheapa amháin astu

Foclóir Bitheolaíochta:  
**abdomen** s abdóman *m1*, bolg *m1*

Foclóir Fiseolaíochta agus Sláinte:  
**abdomen** s abdóman *m1*



---

Coincheap #45717  
Réimse: **Bitheolaíocht**  
Béarla: **abdomen** s  
Gaeilge: **abdóman** *m1*  
Gaeilge: **bolg** *m1*

---

An ionann an dá choincheap seo?  
Eagarthóireacht ag teastáil.

---

Coincheap #45717  
Réimse: **Fiseolaíocht agus Sláinte**  
Béarla: **abdomen** s  
Gaeilge: **abdóman** *m1*

---

**Fíor 5:** Iontrálacha atá ag forluí ar a chéile, déantar iad a iompórtáil mar dhá choincheap éagsúla ach cuirtear lipéad leo le cur in iúl gur gá iad a sheiceáil

**folder** s (obair oifige) fillteán *m1*

---

**folder** s (ríomhaireacht) fillteán *m1*



---


Coincheap #45713  
Réimse: **Obair Oifige**  
Réimse: **Ríomhaireacht**  
Béarla: **folder** s  
Gaeilge: **fillteán** *m1*

---

**Fíor 6:** Dhá choincheap loighciúla nasctha i gceann amháin


### 3. Struchtúr sonraí coibhneasta

Tá ár mbunachar sonraí difriúil ón bhunachar téarmaíochta traidisiúnta ó thaobh gné eile de, agus cuireann sé sin muid leath bealaigh idir an fhoclóireacht agus an téarmaíocht, agus is é sin go bhfuil ár samhail sonraí go hiomlán coibhneasta, rud a chuireann ar ár gcumas ceistanna ilbhríochais a réiteach go héasca agus sonraí a thaispeáint don úsáideoir ar shlí atá furasta a léamh. I ngnáthbhunachar sonraí téarmaíochta, dá seasfadh téarma do dhá choincheap dhéanfaí é a thairfead faoi dhó, uair amháin i ngach coincheap. Má athraíonn an téarmeolaí litriú an téarma sin lena thabhairt suas chun dáta nó má chuireann sé nó sí eolas breise gramadaí leis, caithfidh sé nó sí cúram a ghlacadh go ndéanfaidh sé nó sí na hathruithe céanna sa dá choincheap mar nach bhfuil aon saoráidí ann chun an dá thairfead a choinneáil sioncronaithe. I mbunachar sonraí FTU, ní dhéantar gach téarma a thairfead ach aon uair amháin, agus in áit é a chur *mar chuid* de na coincheapa a ainmníonn sé, déantar é a *nascadh* leo. Is féidir gach téarma a nascadh le haon líon coincheap, agus is féidir gach coincheap a nascadh le haon líon téarmaí, agus ar an tslí sin samhlúchán a dhéanamh ar ilbhríochas (ainmníonn téarma amháin iliomad coincheapa) agus comhchiallachas (ainmníonn iliomad téarmaí coincheap amháin).



**Fíor 7:** Téarmaí agus coincheapa nasctha le chéile ar bhealaí difriúla. Is comhchiallaigh iad na focail Ghaeilge guthán agus teileafón, agus is focal ilbhríoch é an focal Béarla wood.

Tá an iliomad buntáistí leis an gcur chuige seo. Chomh maith le hilbhríochas a thaifeadadh gan dua baineann sé an brú den fhoireann faisnéis dhúblach a chur isteach arís. Is minic go mbíonn go leor eolais gramadaí ag gabháil leis na téarmaí ar thaobh na Gaeilge den fhoclóir, agus ba dhrochúsáid ar acmhainní daonna a bheadh ann an t-eolas sin a chur isteach roinnt uaireanta do thaifid dhúblacha den téarma céanna – gan bacadh leis an mbaol nach mbeifí ar comhréir lena chéile. Ag leibhéal chomhéadan an úsáideora, nuair a chuardaíonn an t-úsáideoir téarma, déanann an córas nascleanúint ar an struchtúr coibhneasta chun na coincheapa uile a mbaineann an téarma leo a chuardach go tapa, agus na téarmaí a shocrú i liosta le hurchair faoin téarma a cuardaíodh. Sa tslí sin tiomsaítear go tapa gnáthiontráil foclóra ina léirítear coincheapa mar bhríonna.



**Fíor 8:** Coincheapa, agus iad léirithe ar an scáileán mar iontrálacha foclóra.



Is é sin an leagan amach a chuirfidh an foclóir ar fáil d'úsáideoirí neamhspeisialtacha, agus déanfaidh teangeolaithe agus téarmeolaithe eagarthóireacht ar na sonraí i leagan amach coincheap-dhírithe.

Tá iarmhairtí ag ár samhail choibhneasta don díospóireacht maidir le comhchiallachas agus ilbhríochas. Go bunúsach, nuair a thagtar trasna ar fhocal a bhfuil dhá bhrí aige, bíonn an rogha ag an bhfoclóirí déileáil leis mar fhocal aonair a ainmníonn dhá choincheap ar leithligh (ilbhríochas) nó mar dhá fhocal, a n-ainmníonn gach ceann díobh a choincheap féin, ach go dtarlaíonn go bhfuil an litriú céanna (comhghrafachas) nó an fhoghraíocht chéanna (comhfhuaimeachas) acu.<sup>7</sup> Inár gcóras, ós rud é nach féidir linn taighde a dhéanamh ar gach focal agus téarma ina gceann agus ina gceanna, tá prionsabal simplí glactha againn. Má bhíonn an litriú ceannann céanna ag ceannfhocal nó téarma le ceannfhocal nó téarma eile atá ann cheana agus má bhíonn an t-eolas gramadaí céanna ag gabháil leo (mar shampla bhaineann siad leis an rann cainte céanna), ansin is téarma ilbhríoch aonair é. I ngach cás eile, téarmaí difriúla a bhíonn i gceist. Tá sé éasca ag ríomhaire an prionsabal seo a leanúint agus é ag tiontú sonraí ó ghluaiseanna láimhe chuig an bhformáid nua, agus tá sé faighte amach againn go n-éiríonn leis, ar an mórchóir, cásanna dúblacha idir na gluaiseanna difriúla a réiteach. Bíonn roinnt iompair neamhghnách mar thoradh air, áfach. Mar shampla, déileálann an córas le briathra agus ainmfhocail a bhfuil an litriú céanna sa Bhéarla acu mar fhocail ar leithligh, cé gurbh fhearr le roinnt foclóiríthe go ndéileálfai leo mar fhocal aonair, faoi mar atá mar shampla i bhFíor 9.

**bend<sup>1</sup>** /bend/ *v* (pt, pp bent /bent/) **1** to force sth that was straight into an angle or a curve: [Vnp, Vnadv] *bend the wire up/down/forwards/back* [W] *It's hard to bend on top bar.* *The best of the*

**bend<sup>2</sup>** /bend/ *n* a curve or turn, esp in a road, river, etc: a *gentle/sharp bend*. **IDIOM** **round the bend/twist (informal)** crazy or very annoyed: *His behaviour is driving me round the bend.* *He's gone completely round the twist.*

*Fíor 9: Ainmfhocal agus briathar a ndéileáiltear leo mar chomhainmneacha*

*(sliocht as an Oxford Advanced Learner's Dictionary)*

Freisin, i gcorrchás,, is comhtharlú atá i gcéannacht litríthe. Mar shampla déileálann an córas leis an bhfocal ilbhríoch aonair “adder” nuair a ainmníonn sé nathair agus “adder” nuair a ainmníonn sé feiste le haghaidh uimhreacha a shuimiú, cé go mothódh formhór na gcainteoirí Béarla go

<sup>7</sup> I gcomhair díospóireacht ar an scoilt comhainmneachais/ilbhríochais agus sampla den tslí a réitíonn foclóirí ar bhealaí difriúla é, féach roinn 3.5.2 de Saeed (1997: 64).

himfhiosach gur dhá fhocal ar leithligh iad a dtarlaíonn go bhfuil an chuma chéanna orthu ach a bhfuil stair mhoirfeolaíoch dhifriúil acu (is léir gur cumaisc idir “add” + “-er” é an “adder” mar fheiste le huimhreacha a shuimiú ach nach amhlaidh an cás don “adder” is nathair ann).

#### 4. Míreanna ilfhoclacha

Is míreanna ilfhoclacha formhór na dtéarmaí i mbunachar sonraí FTU seachas ceannfhocail aonair, mar is coitianta i dtéarmeolaíocht LSP. Tá traidisiún i bhfoclóireacht na Gaeilge eolas fairsing gramadaí (rann cainte, inscne, díochlaonadh) a chur mar nóta le ceannfhocail agus b’éigean do théarmaí agus do bhunachar sonraí FTU freastal ar an traidisiún sin. In go leor gnáthchóras scríofa foclóirí<sup>8</sup> agus in go leor gnáthchóras bhainistithe téarmaíochta<sup>9</sup>, ní féidir lipéad gramadaí a chur ach leis an téarma iomlán - ní le focal aonair laistigh de. Tá ár gcóras deartha againn chun an bhacainn sin a sharú. Nuair a chuirtear lipéad le téarma, is féidir leis an úsáideoir fotheagrán den téarma a roghnú agus a dhearbhu nach mbaineann an lipéad ach leis an bhfotheagrán sin. Ag tráth an chuir i láthair, cuireann an córas lipéad isteach sa téarma, ach istigh sa bhunachar sonraí tá an téarma neamhbhriste.



#### *Fíor 6: Nóta gramadaí inlíne agus a léiriú ar an scáileán*

Ní amháin go n-éascaíonn an réiteach seo cuardach iomlán lántéacs (aimseoidh cuardach ar *Olltíonól Ginearálta* an iontráil *Olltíonól (m1) Ginearálta* gan aon ríomhchlárú breise) ach freisin tugann sé an deis dúinn go leor cineálacha eolais faoi fhocail aonair a stóráil, ní amháin aicme focail ach freisin an fhoirm ina dtarlaíonn an focal sa téarma reatha (ginideach, iolra, etc.), cibé an focal iasachta é (taispeántar focail iasachta i gcló Iodálach ag tráth an chuir i láthair), agus fiú cén teanga a bhfuarthas an focal ar iasacht aisti, más eol sin. I bhFíor 11, mar shampla, tá nóta leis an dá fhocal. Is é is rann cainte don chéad cheann ná ainmfhocal *firinscneach den cheathrú díochlaonadh (fir 4)* agus is focal iasachta ón Laidin é. Is ainmfhocal an dara focal freisin, is den tríú díochlaonadh *baininscneach (bain 3)* é agus tá sé sa tuiseal ginideach anseo.

<sup>8</sup> Áirítear TshwaneLex agus Lexique Pro mar shamplaí.

<sup>9</sup> Áirítear Trados MultiTerm agus Star WebTerm mar shamplaí.

Téarma #4697  
Focláíocht: **fauna dlúthaíochta**

Nod 1  
Ó charachtar: 1 go carachtar: 5  
Rann Cainte: **firinscneach4**  
Focal lasachta? **Is ea**  
Teanga Fhoinseach: **Laidin**

Nod 2  
Ó charachtar: 7 go carachtar: 18  
Rann Cainte: **baininscneach3**  
Foirm: **ginideach uatha**



**fauna** m4+LA **dlúthaíochta** f3+gs **BITHEOLAÍOCHT**  
intimate fauna s

*Fíor 11: Téarma le nóta forleathan inlíne*

## 5. Conclúid

Bhíodh na struchtúir sonraí a bhíodh in úsáid sa bhfoclóireacht agus sa téarmaíocht go traidisiúnta an-difriúil óna chéile. Mar sin féin, tá gá, de bharr forbairtí nua-aimseartha, bunachair téarmaíochta a dhéanamh níos báula don úsáideoir de réir mar a bhíonn saintéarmaíocht ina gcuid den ghnáthshaol don phobal i gcoitinne. Mar gheall air sin, ní mór do thionscadail téarmaíochta ar nós FTU an deighilt chianárta seo idir téarmaíocht agus foclóireacht a athbhreithniú agus struchtúr sonraí nua a cheapadh chun na ceanglais sin a shásamh.

Ar láimh amháin, is tionscadal LSP é FTU a bhain úsáid as an gcur chuige coincheap-dhírthe mar gheall ar go dtagann a stór focal ó shainréimsí den ghníomhaíocht dhaonna agus go mbíonn an comhfhreagas idir coibhéisí aistriúcháin de ghnáth níos díri ná in LGP. Ar an láimh eile, is tionscadal LGP é FTU, agus tá an tsamhail sonraí coincheap-dhírthe leathnaithe chun freastal ar láimhseáil éifeachtach an ilbhríochais agus chun a bheith in ann iontrálacha gnáthfhoclóra a thaispeáint ar an scáileán. Is tosaíocht é eolas úsáideach a sholáthar don úsáideoir neamhspeisialtacht, a léirítear mar shampla sna nótaí gramadaí inlíne a ghabhann le téarmaí.

Ceacht luachmhar atá le foghlaim ón tionscadal go dtí seo ná gur fiú machnamh ar struchtúr an bhunachair ina stórlaimid ár sonraí. Táimid buíoch dár gcomhpháirtithe tionscadail sa Bhreatain Bheag agus don iliomad saineolaithe idirnáisiúnta eile a ndeachamar i gcomhairle leo chun cabhrú linn struchtúr sonraí neamhghnách a mhúnlú, a fhónann dár riachtanais níos éifeachtaí ná mar a dhéanfadh ceachtar den dá ghnáthshamhail sonraí san fhoirm ba dhílse díobh.

## Tagairtí

### A. Córais Bhainistíochta Téarmaíochta agus Córais Scríbhneoireachta Foclóirí

*LexiquePro*, faisnéis ar líne ag <http://www.lexiquepro.com/>.

*Star WebTerm*, <http://www.star-solutions.net/html/eng/produkte/webterm55.html>.

*Trados MultiTerm*, <http://www.trados.com/multiterm>.

*TshwaneLex*, <http://www.tshwanedje.com/tshwanelex/>.

### B. Foclóirí

Terrell, P. (1999) *Collins German-English/English-German Dictionary Unabridged* (Fourth Edition). Glasgow & New York, HarperCollins.

Hornby, A. S.; Crowther, J [ed] (1995) *Oxford Advanced Learner's Dictionary of Current English* (Fifth Edition). Oxford, Oxford University Press.

### C. Litríocht Eile

Deuter, M. (2004) 'A Tale of Two Halves: Writing a Bilingual Dictionary for Students of English' in Williams, G. [ed]; Vessier, S. [ed] *EURALEX 2004: Proceedings of the Eleventh EURALEX International Congress*, Lorient, Université de Bretagne-Sud

Saeed, J. I. (1997) *Semantics*. Oxford, Blackwell.

Weissenhofer, P. (1995) *Conceptology in terminology theory, semantics and word-formation*. Vienna, TermNet.